## Próiseas Iarratais

Tá foirm iarratais ar fáil ag www.nuim.ie/language

| | |
|---|---|
| Dáta deiridh iarratais | 16 Meitheamh |
| Scrúdú iontrála agus agallamh | 29 Meitheamh |
| An chéad cheardlann | 14 Meán Fómhair |

## Táille

Tá an cúrsa seo á chur ar fáil le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh costas €500 ar an gcúrsa.

## Tuilleadh eolais



Ailín Ní Chonchúir

Ríomhphost: ailin.nichonchuir@nuim.ie

Guthán: (01) 708-6417 nó (01) 474-7145

Suíomh Gréasáin: www.nuim.ie/language


Ionad na dTeangacha Language Centre | Ollscoil na hÉireann Má Nuad NUI Maynooth | Údarás na Gaeltachta | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht



# Dioplóma i Múineadh na Gaeilge

## (Foghlaimeoirí Fásta)

Ionad na dTeangacha OÉ Má Nuad

Le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta



## Feidhmeanna an chúrsa

- Oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe maidir le conas Gaeilge a mhúineadh d'fhoghlaimeoirí fásta.
- Cur le heolas na rannpháirtithe ar an taighde is deireanaí a rachadh chun tairbhe dóibh i múineadh na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta.
- Deis a thabhairt do rannpháirtithe smaointe, moltaí praiticiúla agus tuairimí a mhalartú.

Cuirfear béim láidir sa Dioplóma ar an gcleachtadh teagaisc sa seomra ranga agus cuirfear tacaíocht agus comhairle leanúnach ar fáil do gach múinteoir.

## Struchtúr an chúrsa

- Beidh ar rannpháirtithe freastal ar 10 gceardlann oiliúna. Beidh na ceardlanna ar siúl i gConamara ar Shathairn idir mí Mheán Fómhair 2013 agus mí an Aibreáin 2014.
- Beidh ar rannpháirtithe 40 uair an chloig teagaisc a dhéanamh i rith thréimhse an chúrsa. Is faoi na rannpháirtithe féin an teagasc seo a eagrú.
- Is dioplóma ollscoile é seo a bhfuil 30 pointe creidmheasa ag dul leis.

## Critéir iontrála

Chun áit a fháil ar an gcúrsa beidh ar iarrthóirí scrúdú iontrála agus agallamh a dhéanamh. Scrúdú scríofa agus cainte ag leibhéal B2 de Theastas Eorpach na Gaeilge a bheidh i gceist leis an scrúdú iontrála. Beidh an scrúdú ar siúl san Ollscoil ar an Satharn 29 Meitheamh. Beidh ar gach iarrthóir freastal ar an scrúdú. Beidh agallamh ar siúl an lá céanna.



www.nuim.ie/language